Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Buiséad go hAchomair
## Do threoir maidir le Buiséad 2024

Arna ullmhú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe
**gov.ie/budget | #Budget2024**

Clár


| | |
|---|---|
| Fáilte chuig an mBuiséad go hAchomair | 1 |
| Miondealú Foriomlán ar Bhearta Cánachais agus Caiteachais | 2 |
| Próiseas an Bhuiséid | 3 |
| Conas atá ag éirí leis an nGeilleagar? | 5 |
| Cá as a dtagann an t-airgead? | 7 |
| Mar a Chaitear an tAirgead? | 9 |
| Caiteachas a Vótáladh 2024 | 11 |
| Bearta Sofhreagracha Caiteachais | 12 |
| An Costas Maireachtála | 13 |
| Gníomhú ar son na hAeráide | 15 |
| Infheistíocht Chaipitil | 16 |
| Príomhbhearta Beartais Cánach | 17 |
| Key Expenditure Measures | 21 |
| Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais? | 23 |

# Fáilte chuig an mBuiséad go hAchomair

Tugtar forléargas ardleibhéil ar Bhuiséad 2024 sa treoir seo.

Gach bliain ag am an Bhuiséid, déantar cinntí tábhachtacha faoi mar a bheidh airgead poiblí le caitheamh agus ar an méid cánachais a bheidh de dhíth chun sin a chistiú.

Féachtar leis an treoir seo míniú a thabhairt ar mar a bhaileofar an t-airgead sin agus mar a chaithfear an t-airgead sin sa bhliain 2024. Tá leagan amach éasca le húsáid ar an gcáipéis chun go mbeifear ábalta í a úsáid feadh réimse leathan den tsochaí. Cuirfidh sin ar chumas saoránaigh a bheith páirteach i ndíospóireacht fheasach faoi na roghanna atá déanta ag an Rialtas.

Tugtar forléargas ardleibhéil ar Bhuiséad 2024 sa treoir seo. Má theastaíonn uait tuilleadh eolais a fháil ar a bhfuil sa treoir seo, téigh chuig www.budget.gov.ie áit a bhfuil réimse d’ábhar níos cuimsithí le fáil le híoslódáil.

# Cad é an Buiséad?

San fhómhar gach bliain, fógraíonn an tAire Airgeadais agus an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe pleananna caiteachais, cánach agus iasachta an Rialtais don bhliain dár gcionn.

Tugtar an buiséad náisiúnta air sin.


Cumhdaítear caiteachas agus ioncaim uile an Rialtais sa bhuiséad. Áirítear ann gach Roinn agus gníomhaireacht Rialtais, comhlachtaí poiblí neamhthráchtála Stáit chomh maith leis an earnáil Rialtais Áitiúil.



# Miondealú Foriomlán ar Bhearta Cánachais agus Caiteachais

## Buiséad 2024: Ag Cosaint Caighdeáin Mhaireachtála agus ár dTodhchaí

Taispeántar sa ghrafaic seo miondealú ardleibhéil ar na hathruithe ar cháin agus ar chaiteachas Rialtais atá san áireamh i mBuiséad 2024. Léirítear na "bunbhearta" nó na bearta buana sna boscaí atá daite dorcha a bhíonn ag tarlú bliain i ndiaidh bliana. Léirítear na bearta "nach bunbhearta" iad nó na bearta sealadacha atá á dtabhairt isteach chun deileáil le dúshláin ar leith in 2024.



# Próiseas an Bhuiséid

### Nuashonrú ar an gClár Cobhsaíochta

Cuirtear an Nuashonrú ar an gClár Cobhsaíochta ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach i mí Aibreáin. Léirítear ann an cúlra eacnamaíochta a bhaineann leis an mBuiséad agus leagtar amach straitéis eacnamaíochta an Rialtais don chúig bliana atá romhainn.

### An tIdirphlé Náisiúnta Eacnamaíochta

Reáchtáiltear an tIdirphlé Náisiúnta Eacnamaíochta i mí an Mheithimh. Freastalaíonn Airí, Comhaltaí an Oireachtais, ionadaithe gnó agus fostaithe grúpaí sóisialta agus deonacha, grúpaí timpeallachta agus comhlachtaí ionadaíocha eile ar an idirphlé. Fágtar gur féidir tuairimí a roinnt faoi na tosaíochtaí eacnamaíochta agus sóisialta iomaíocha atá roimh an Rialtas.

### An tIdirphlé Náisiúnta Eacnamaíochta

Foilsítear Ráiteas Eacnamaíochta an tSamhraidh i mí Iúil ina gcuirtear measúnú nuashonraithe ar fáil maidir le mar atá ag éirí leis an ngeilleagar agus airgeadas poiblí agus leagtar amach straitéis an Rialtais maidir leis an mBuiséad. Fágtar gur féidir plé oscailte a bheith ann faoi roghanna agus tosaíochtaí roimh an mBuiséad.

### Mid-Year Expenditure Report

I mí Iúil, déantar seasamh an Rialtais ó thaobh caiteachais go dtí deireadh mhí an Mheithimh i ngach réimse caiteachais a athbhreithniú sa Tuarascáil ar Chaiteachas ag Lár na Bliana. Leagtar amach an seasamh réamh-Bhuiséid atá cothrom le dáta inti.

### An Páipéar Bán maidir le Fáltais & Caiteachas

Foilsíonn an Roinn Airgeadais an Páipéar Bán maidir le Fáltais agus Caiteachas an deireadh seachtaine roimh an mBuiséad, ina leagtar amach ioncaim agus caiteachas náisiúnta réamh-mheasta don bhliain reatha agus don bhliain dár gcionn (2024). Leagtar amach ann an seasamh tosaigh le haghaidh an Bhuiséid agus áirítear na figiúirí ar bhonn réamh-Bhuiséid (i.e. bunaithe ar an mBuiséad reatha ní ar an mBuiséad a fhógrófar an tseachtain ina dhiaidh sin).

### An Bille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean & an Bille Airgeadais

Déantar foráil leis an mBille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean maidir le hathruithe sa chód leasa shóisialaigh a fhógraítear sa Bhuiséad agus is iondúil go n-achtaítear an Bille go gairid i ndiaidh an Bhuiséid. Ní mór an Bille Airgeadais, a chuireann bearta cánach a fhógraítear sa Bhuiséad sa dlí, a achtú laistigh de cheithre mhí tar éis Rúin Airgeadais Lá an Bhuiséid a rith.

Cuireann an tAire Airgeadais agus an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe an Ráiteas Buiséid faoi bhráid Dháil Éireann Lá an Bhuiséid. Tugtar cuntas sa Ráiteas Buiséid ar na hathruithe atá beartaithe ag an Rialtas a dhéanamh ar chánacha agus ar chaiteachas don bhliain dár gcionn. Déantar plé ar na moltaí sin. Vótálann Dáil Éireann ar athruithe ar bith atá beartaithe a mbeidh éifeacht láithreach leo mar Rúin Airgeadais.

### Lá an Bhuiséid


I mí na Nollag, foilsíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe an tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe ina dtugtar miondealú maidir le caiteachas i ngach Roinn agus gníomhaireacht an Rialtais chomh maith le heolas maidir le cúrsaí feidhmiúcháin.

### An tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe

# Conas atá ag éirí leis an nGeilleagar?


## Fás Eacnamaíoch

Modified Gross National Income (GNI*) measures the size of our economy in a given year. 'Real' GNI* strips out the effect of inflation, allowing us to judge whether the economy has 'really' grown (rather than prices simply increasing). If GNI* is growing, our domestic economy is performing well.





## Boilsciú – an costas maireachtála athraitheach

Is ionann boilsciú agus méadú ar phraghsanna earraí agus seirbhísí. Tugtar an ráta boilscithe ar chomh tapa agus a théann praghsanna in airde. Tomhaiseann an tInnéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) an t-athrú foriomlán ar phraghsanna earraí agus seirbhísí a cheannaíonn líonta tí de ghnáth le himeacht ama. Ceadaíonn sé comparáidí a dhéanamh le tíortha eile an Aontais Eorpaigh.




## An Margadh Saothair – Dífhostaíocht

Tá breis is 2.6 milliún duine fostaithe in Éirinn – sin é an líon is mó riamh. Léiríonn an ráta dífhostaíochta na daoine sin nach bhfuil ag obair ach atá ar fáil le haghaidh oibre, mar chéatadán den fhórsa saothair iomlán.




## An Margadh Saothair – Fás ar Phá

Tá an meánphá ag méadú in Éirinn ar dhá chúis. An chéad chúis ná go gciallaíonn an t-ardú ar an gcostas maireachtála go bhfuil pá níos airde ag teastáil ó oibrithe le maireachtáil. An dara cúis, ciallaíonn an ráta íseal dífhostaíochta go bhfuil éileamh ar oibrithe agus gur féidir leo a bheith ag margáil le fostóirí don phá níos airde atá ag teastáil uathu.



# Cá as a dtagann an t-airgead?


Íoctar gach íocaíocht cánach agus ioncam eile a fhaigheann an Stát isteach i lárchiste ar a dtugtar “an Státchiste”. Maoinítear caiteachas an Rialtais ón Státchiste.

Faigheann an Rialtas airgead ó roinnt foinsí. Faigheann sé an chuid is mó de ó ioncam cánach agus ó Leithreasaí-i-gCabhair.


- Íocann daoine agus gnólachtaí ioncam cánach (e.g. Cáin ioncaim agus Cáin Chorparáide).
- Is iad Leithreasaí-i-gcabhair an t-airgead a ghineann Ranna agus comhlachtaí Rialtais dá n-úsáid féin.

Léirítear sa chairt seo mar a athraíonn méid na dtrí fhoinse ioncaim cánach is mó idir 2022 agus 2026, agus na foinsí eile atá fanta grúpáilte sa chatagóir “Ioncam Eile ”:

Foinsí Ioncaim Cánach le himeacht ama in €billiúin



Léirítear sa chairt seo miondealú ar an méid airgid a bhfuil súil ag an Rialtas a chruinniú trí gach foinse ioncaim cánach in 2024. Dá mhéad an dronuilleog is ea is mó an chuid den ioncam a chruinníonn an fhoinse sin.




**Eile: is mar seo a leanas atá réamh-mheastacháin do 2024:

- Mótarcháin.........................€870m
- Cáin Fáltas Caipitiúil........€660m
- Custaim..............................€605m

# Mar a Chaitear an tAirgead?

Caitear airgead arna ghiniúint ag an Rialtas ar earraí agus seirbhísí poiblí a chur ar fáil.

Is féidir é a roinnt ina dhá chuid - caiteachas reatha agus caiteachas caipitiúil



**Caiteachas reatha -** Cumhdaítear caiteachas na Ranna, Comhlachtaí, Gníomhaireachtaí Rialtais agus Comhlachtaí Stáit Neamhthráchtála ó lá go lá i gcaiteachas reatha agus áirítear pá agus pinsin na Státseirbhíseach air sin.

**Caiteachas Caipitiúil -** Áirítear caiteachas ar shócmhainní fisiceacha fadtéarma (amhail bóithre, droichid, foirgnimh ospidéil agus scoileanna) agus sócmhainní neamhfhisiceacha freisin (amhail bogearraí ríomhaireachta) ar chaiteachas caipitiúil).



Tugtar **"Caiteachas a Vótáladh"** ar an gcaiteachas arna cheadú ag an Dáil le linn phróiseas an Bhuiséid.




**Caiteachas a Vótáladh 2024**

**€96.6 Billiún**


Léirítear sa chairt seo mar a bhrisfear síos Caiteachas a Vótáladh €96.6 billiún do 2024 idir caiteachas ar earraí agus seirbhísí, tuarastail, pinsin agus caiteachas caipitiúil.

Is in € billiúin atá na figiúirí.




Níl **Caiteachas nár Vótáladh** faoi réir cheadú Dála ach tá ceadaithe faoi dhlíthe reatha. Áirítear air sin caiteachas amhail ús ar an bhFiachas Náisiúnta agus ranníocaíocht na hÉireann chuig Buiséad na hEorpa. Áirítear freisin costais amhail Tithe an Oireachtais agus tuarastail na mbreithiúna.

Déantar taiscí sa "Chúlchiste Náisiúnta" a rangú mar Chaiteachas nár Vótáladh. Beidh €4.3 billiún curtha i dtaisce sa Chúlchiste Náisiúnta an bhliain seo chugainn.



# Caiteachas a Vótáladh 2024

Léirítear sa chairt seo na suimeanna airgid a bheidh ar fáil do réimsí éagsúla beartais in 2024 (in € billiúin ).



# Bearta Sofhreagracha Caiteachais

Táthar ag cur €4.5 billiún ar fáil le Buiséad 2024 chun freagairt do na dúshláin neamhghnácha a bhfuil aghaidh le tabhairt ag an tír orthu fós, amhail na tacaíochtaí leanúnacha daonnúla a chuirimid ar fáil do theaghlaigh atá ar a dteitheadh ó ionradh na hÚcráine agus roinnt riachtanais chaiteachais i ndáil le COVID-19.



## €2.5 billiún

Chun tacaíocht dhaonnúil a chur ar fáil do dhídeanaithe ón Úcráin, tacaíocht amhail cóiríocht, íocaíochtaí leasa agus oideachas.



## €1.3 billiún

D'fhonn leanúint den fhreagairt do COVID-19



## €0.7 billiún

D'fhorálacha sofhreagracha eile amhail tionscadail arna maoiniú faoin bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta agus REPowerEU.

# An Costas Maireachtála

## Cad is boilsciú ann?

Is ionann boilsciú agus méadú ar leibhéal phraghsanna na n-earraí agus na seirbhísí a cheannaíonn líonta tí. Tugtar ráta an bhoilscithe ar chomh tapa agus a mhéadaíonn na praghsanna.

Tá an ráta boilscithe níos ísle anois ná mar a bhí i nDeireadh Fómhair 2022, rud a chiallaíonn, cé go bhfuil praghsanna fós ag ardú, nach bhfuil siad ag ardú chomh tapa agus a bhí roimhe seo.

## Céard atáthar a dhéanamh faoin gcostas maireachtála?

Áiríodh bearta caiteachais sealadacha agus cánachais arbh fhiú beagnach €3 billiún iad i mBuiséad 2023, chun cabhrú le líonta tí a bhí ag streachailt le costais mhaireachtála a bhí ag ardú i ngeimhreadh 2022/2023. Cé go bhfuil bearta costas maireachtála nua san áireamh i mBuiséad 2024 (féach an leathanach thall), fógraíodh beart breise €1.3 billiún i dtacaíochtaí sealadacha in earrach 2023, agus tá siad liostaithe thíos:

- Ardú €100 ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua
- Muirir laghdaithe iompair scoile
- Béilí Te Scoile á leathnú amach go dtí gach bunscoil DEIS (DEIS: Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh)
- Táillí na Scrúduithe Stáit tarscaoilte do scoláirí a bheidh ag tabhairt faoi scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta in 2023
- Cnapshuim €200 le fáil ag gach faighteoir fadtéarmach leasa shóisialaigh
- Íocaíocht chnapshuime sochair linbh €100 in aghaidh an linbh
- Síneadh le cur le laghduithe sealadacha ar an ráta CBL maidir le soláthar gáis agus leictreachais
- Tabhairt ar ais céimnithe na rátaí máil ar pheitril, díosal agus ola gháis mharcáilte
- Síneadh le cur le laghduithe sealadacha ar an ráta CBL ar Thurasóireacht agus Fáilteachas go dtí an 31 Lúnasa 2023

# Tacaíochtaí Costais Maireachtála Aonuaire

2023/2024
**€450**
Creidmheasanna Leictreachais
(3 x €150)
**Gach Líon Tí**

Geimhreadh 2023
Cnapshuim **€300**
Liúntas Breosla
**c. 370k faighteoir**

Geimhreadh 2023
Cnapshuim **€200**
Liúntas Maireachtála Aonair
**c. 47k faighteoir**

Geimhreadh 2023
**MÍ DHÚBAILTE**
Liúntas Leanaí
**c. 1.2m leanbh**

Geimhreadh 2023
Cnapshuim **€400**
Working Family Payment
**c. 47k faighteoir**

Geimhreadh 2023
Cnapshuim **€100**
Incrimint do Leanaí Cáilithe
**c. 370k leanbh**

Ean 2024
**SEACHTAIN DHÚBAILTE**
Gach Scéim Leasa Sheachtainiúil
**c. 1.4 - 1.5 milliún faighteoir**

Geimhreadh 2023
Cnapshuim **€400**
Le catagóirí roghnaithe*
**c. 350k faighteoir**

Geimhreadh 2023
**ÍOCAÍOCHT DHÚBAILTE**
Liúntas Cúramóra Altrama
**c. 5k faighteoir**

**€250 milliún**
Ranníocaíocht Mac Léinn Ardoideachais, Caipitíocht Scoile, Iompar Scoile, Táillí Scrúduithe Stáit

**€250 milliún**
Tacaíochtaí Gnó

**íocaíocht le faighteoirí Deontas Tacaíochta Cúramóra, Liúntas Míchumais, Pinsean na nDall, Pinsean Easláine agus Liúntas Cúraim Baile (íocaíocht amháin in aghaidh an duine)*

# Gníomhú ar son na hAeráide

Beidh ardú €7.50 ar an ráta reatha Cánach Carbóin a chuirtear i bhfeidhm in aghaidh an tona dé-ocsaíde carbóin. Tabharfaidh sé sin an ráta go dtí €56.00 an tona. Méadóidh cáin charbóin an méid céanna i ngach buiséad go dtí 2029. Cuirfear an t-ardú i bhfeidhm ar pheitreal agus ar dhíosal gluaisteáin ó mheán oíche ar oíche an bhuiséid (i.e. ón 11 Deireadh Fómhair 2023) agus ar gach breosla eile ar an 1 Bealtaine 2024.

## Tionchar Ardú na Cánach Carbóin ar Ghnáthbheartáin Breosla in 2024*

**+€0.90** ar mhála 40kg guail

**+€0.20** ar Bhurla 12.5kg Móna

**+€19.40** ar thanc 900L ceirisín

**+€16.98** ar 11,000kWh de ghás nádúrtha

**+€1.28 ar líonadh 60L peitril**
**+€1.48 ar líonadh 60L díosail**

## €788 milliún

Maoineoidh an t-airgead a bhailítear tríd an gcáin charbóin:

- Infheistíocht **€380m** in éifeachtacht fuinnimh cónaithe agus pobail
- **€262m** ar idirghabhálacha spriocdhírithe coimirce sóisialaí
- **€113m** chun feirmeoireacht ar bhealach níos glaise agus inbhuanaithe a spreagadh
- **€33m** don Chlár Infheistíochtaí Cánach Carbóin

Foghlaim tuilleadh faoi chistí Cánach Carbóin ag www.gov.ie/budget

**Ríomhtar CBL ag an ráta caighdeánach 23% do dhíosal agus peitril agus an ráta laghdaithe 13.5% do bhreoslaí téimh. Measann an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) gur 11,000kWh in aghaidh na bliana de ghás nádúrtha a úsáideann an gnáthlíon tí ar an meán.*

# Infheistíocht Chaipitil

Leagtar straitéis infheistíochta an Rialtais amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) chun an caiteachas caipitil a theastaíonn sa tréimhse 2021-2030 a sholáthar, ag tacú le forbairt eacnamaíoch, deiseanna fostaíochta agus fás réigiúnach. Tá €165 billiún de chaiteachas caipitil ann lena n-áirítear caiteachas ar thithíocht shóisialta, ar bhóithre, ar dhroichid, ar ospidéil, ar scoileanna agus ar thionscadail iompair phoiblí.

Príomhsprioc i mBuiséad 2024 is ea infheistíocht leanúnach a chinntiú faoin PFN chun tacú le seirbhísí poiblí níos fearr a chur ar fáil i réimsí amhail oideachas, sláinte agus infreastruchtúr aeráide. Tá €12.6 billiún de bhunchaiteachas caipitil beartaithe do 2024, sin méadú €900 milliún ar 2023.

Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoin PFN, tabhair cuairt ar www.gov.ie/2040.



# Príomhbhearta Beartais Cánach

Ardú €2,000 ar an scoithphointe ráta chaighdeánaigh i leith cáin ioncaim do gach saothraí

Ardú €200 ar an gCreidmheas Cánach Linbh Éagumasaithe

Ardú €100 ar an gcreidmheas cánach pearsanta

Ardú €100 ar an gcreidmheas cánach ÍMAT

Ardú €100 ar an gCreidmheas Ioncaim Tuillte

Ardú €100 ar an gCreidmheas Cánach Cúramóra Baile

Ardú €100 ar an gCreidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Aonair

Laghdú ar lár-ráta an Mhuirir Shóisialta Uilíocht (MSU) ó 4.5% go 4.0%

Ardú €2,840 ar an tairseach ag a n-íoctar an lár-ráta MSU, ó €22,920 go €25,760

Ardú ar an gCreidmheas Cánach Cíosa ó €500 go €750

Ardú 75c ar Dhleacht Mháil agus ar CBL ar phaicéad 20 toitín

Síneadh le cur leis an bhfaoiseamh CCF d'Fheithiclí Ceallra-Leictreacha go dtí deireadh mhí na Nollag 2025

# Príomhbhearta Caiteachais Cánach

Beidh teacht ag iar-bhunscoileanna aitheanta laistigh den chóras oideachas saor in aisce ar scéim na leabhar scoile saor in aisce do scoláirí na sraithe sóisearaí ó Mheán Fómhair 2024

1,000 Garda nua agus 250 ball foirne Garda

Tabhairt ar ais na ndeontas cothabhála do mhic léinn iarchéime ar bhonn comhchosúil le fochéimithe

400 pearsanra breise míleata

Cuirfear €67m ar fáil chun líon na n-áiteanna printíseachta ceirde a mhéadú go dtí breis is 16,000 áit.

Leanfar den laghdú 20% ar tháillí iompair phoiblí go dtí deireadh 2024

10,200 tionóntacht nua faoi scéimeanna HAP agus RAS

9,300 áras cónaithe sóisialta nua-thógtha

6,400 áras cónaithe inacmhainne ar díol agus ar cíos

Tacú le 6,000 líon tí nua tríd an gClár Caiteachais Reatha do Thithíocht Shóisialta

€380 milliún do scéimeanna fuinnimh baile agus pobail

€207 milliún chun aonaid fholmha agus thréigtha a thabhairt ar ais tríd an gClár Bearnaí agus an scéim Croí Cónaithe

# Príomhbhearta Caiteachais Cánach

Ardú €12 ar an Ráta Seachtainiúil Leasa Shóisialaigh d'fhaighteoirí in aois oibre

Ardú €12 ar íocaíochtaí seachtainiúla do Phinsinéirí

Ardú €54 in aghaidh na seachtaine ar thairseach na hÍocaíochta do Theaghlaigh i bhFostaíocht

Ardú €4 ar an ráta seachtainiúil do Leanbh Incháilithe

Suas le 2,000 ball foirne sa bhreis chun acmhainní a fheabhsú ar fud seirbhísí géarmhíochaine agus cúraim shóisialta

€1 milliún in aghaidh an lae le hinfheistiú i mbonneagar rothaíochta agus siúil

€1 billiún chun an líonra bóithre a fhorbairt, a chosaint agus a athnuachan

€348 milliún chun 100,000 teach eile a cheangal le leathanbhanda snáithín

Fóirdheontas in aghaidh na huaire na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí ardaithe ó €1.40 go €2.14 ó Meán Fómhair 2024

Síneadh curtha leis an Liúntas linbh chun go dtí daoine 18 mbliana atá in oideachas lánaimseartha


€50 milliún sa bhreis don scéim iompair scoile

Breis is 1,216 CRS agus 744 Múinteoir Oideachais Speisialta

# Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?


## Láithreán gréasáin an Bhuiséid

Tugtar léargas ginearálta sa treoir seo maidir leis na cinntí caiteachais agus cánach a rinneadh sa Bhuiséad.  Más spéis leat eolas agus anailís níos mionsonraithe a léamh, nó na hóráidí a thug na hAirí Lá an Bhuiséid don Dáil a léamh fiú, téigh chuig www.gov.ie/budget chun tuilleadh eolais a fháil.




## Tuairisciú ar Fheidhmíocht Seirbhíse Poiblí

Tugtar achoimre i dTuarascálacha ar Fheidhmíocht Seirbhíse Poiblí ar atá á chur ar fáil le cistí poiblí. Tugtar léargas soiléir agus inrochtana iontu ar an gcaoi a bhfuil cistí poiblí leithdháilte, mar a úsáideadh na cistí sin agus an tionchar atá ag an gcaiteachas sin ar shochaí na tíre. Dá mba mhaith leat ceann ar bith de na Tuarascálacha ar Fheidhmíocht Seirbhíse Poiblí a léamh téigh chuig https://www.gov.ie/en/collection/61d3f-public-service-performance-reports/



## Athbhreithniú ar Chaiteachas

Déantar athbhreithniú ar chaiteachas tríd an bpróiseas Athbhreithnithe Caiteachais lena chinntiú go bhfuil airgead na gcáiníocóirí á chaitheamh ar an mbealach is éifeachtaí agus éifeachtúla is féidir. Leis an athbhreithniú seo cuirtear eolas sa bhreis ar fáil don Rialtas chun tacú le cinntí buiséid. Chun aon Pháipéar Athbhreithniú ar Chaiteachas a léamh, téigh chuig https://www.gov.ie/en/policy-information/7dc2b1-spending-review/




## An áit a dTéann do chuid Airgid

Uirlis atá éasca le húsáid atá sa láithreán gréasáin 'An Áit a dTéann do chuid Airgid' chun caiteachas an rialtais a scrúdú. Léirítear na sonraí ar chairteacha éagsúla idirghníomhacha. Caith súil ar www.whereyourmoneygoes.gov.ie



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**Tithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean Uacht,**
**Baile Átha Cliath 2, D02 R583, Éire**
Government Buildings, Upper Merrion Street,
Dublin 2, D02 R583, Ireland

T: +353 1 676 7571 | @IRLDeptPER
**www.gov.ie/per**